13

Focail Dheacra

	Lch
a dhul i dtéagar gioblach	130
dúthracht	131
ag gnúsachtach dul i ndeabhaidh le chéile cluainte méithe fearbán	132
garach driopás fuadar	133

Ceisteanna Bunaithe ar Fhianaise

1. Ainmnigh ceithre athrú a tharla le teacht an earraigh.
2. Cén fáth ar roghnaíodh Joey agus Topthorn leis an chairt armlóin a tharraingt?
3. Cad chuige ar tugadh tascanna do Shean-Friedrich?
4. Cén post a bhí ag Friedrich sular thosaigh an cogadh?
5. Cén fáth nár imigh Friedrich ar ais chun an bhaile?
6. Cad é a rinne Friedrich le cuidiú le Topthorn?

Ceisteanna Tátalacha

1. Cén fáth a raibh na saighdiúirí ag feadaíl agus iad ag taisteal?
2. Cad chuige nach raibh mórán le déanamh ag na capaill an samhradh sin?
3. An dóigh leat go raibh an ceart ag Friedrich nuair a dúirt sé nach raibh a fhios ag na saighdiúirí an fáth a raibh siad ag troid?
4. An bhfuil trua agat do Friedrich?

Ceisteanna Smaointeoireachta



1. Shíl na saighdiúirí go raibh Friedrich ar mire cionn is gur labhair sé leis féin. Cad é do bharúil air sin?

Gníomhaíocht

Gníomhaíocht 1: Cur i Láthair

Ba bhúistéir Friedrich in Schleiden sa Ghearmáin sular thosaigh an cogadh. Ba chuma cén tslí bheatha a bhí ag na fir sular thosaigh an cogadh, b'éigean dóibh sin a fhágáil agus dul isteach san arm. B'éigean do na mná na poist sin a bhí ag na fir a ghlacadh.

Cén tslí bheatha ar mhaith leat féin sa todhchaí? Tabhair óráid don rang ag míniú do rogha. Déan cinnte go gcludaíonn tú na pointí seo a leanas:

- trí chúis don rogha sin
- na cáilíochtaí a bheas de dhíth ort
- an dóigh a mothófá dá ndéarfaí leat go mbeadh ort sin a fhágáil le dul i mbun cogaíochta.

Gníomhaíocht 2: Scríbhneoireacht

Scríobhadh na milliúin litir le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus, mar gheall go raibh córas iontach maith ann, níor ghlac siad ach cúpla lá leis an duine eile a bhaint amach de ghnáth. Scríobh litir ó Friedrich chuig a bhean chéile agus é ag cur in iúl gur mhaith leis imeacht ón chogadh agus gan filleadh. Mínigh di go gcronaíonn sé a sheansaol agus go bhfuil sé ag dúil le bheith sa bhaile arís. Scríobh teachtaireacht dá chuid páistí fosta.